# Sustainable Swords

## EARRACH 2026
### OIBREACHA BÓTHAIR ATÁ LE TEACHT I SORD

## Tá dul chun cinn á dhéanamh ag Sord...

**Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag obair ar thionscadail nua chun fís na Straitéise Sord Inbhuanaithe a bhaint amach, rud a bhfuil sé mar aidhm leis áit níos fearr le cónaí agus le hobair ann agus le cuairt a thabhairt air a dhéanamh de Shord.**

Sa bhliain 2026, cuirfear tús leis an obair thógála ar Thionscadal Nascachta an R132, agus déanfar tuilleadh oibre i gCeathrú Chultúir Shoird.

Beidh cur isteach ann ar an trácht, rud as a dtiocfaidh moilleanna. Tá sé mar thosaíocht againn an cur isteach le linn na hoibre tógála a íoslaghdú chun a chinntiú go mbeidh an baile ar oscailt don ghnó fós agus go mbeidh daoine in ann a dturais laethúla a dhéanamh.

Leagtar amach sa bhileog seo na pleananna le haghaidh na dtionscadal sin agus na hathruithe sealadacha tráchta le linn na n-oibreacha bóthair.

**Ceathrú Chultúir Shoird – *Feabhsuithe beartaithe ar an tSráid Thuaidh***



**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

Tionscadal Nascachta an R132



**Timpeallán Bhóthar an Inbhir – *Íomhá ríomhghinte ina dtaispeántar cén chuma a bheadh ar an timpeallán nuair a bheadh sé críochnaithe***

**Táthar ag cur tús leis an obair ar Chéim 1: Timpeallán Bhóthar an Inbhir sa bhliain 2026.**

I mí Aibreáin, tá tús le cur leis an obair thógála ar Thionscadal Nascachta an R132. Is céim ríthábhachtach í sin i dtreo córas iompair inbhuanaithe nasctha a sheachadadh do Shord, ar córas é lena n-áireofar MetroLink agus BusConnects.

Athrófar an R132 óna bhóthar gnóthach a roinneann an baile ina bhealach níos sábháilte agus níos nasctha do chách.

Is é an toradh a bheidh air sin go bhfeabhsófar naisc idir tithe, scoileanna, taitneamhachtaí poiblí, siopaí, agus stáisiúin MetroLink amach anseo lastoir den R132.

**Tá an tionscadal á phleanáil go cúramach agus déanfar é ina chéimeanna chun an cur isteach a íoslaghdú.**

**Céim 1 – *Timpeallán Bhóthar an Inbhir:*** Déanfar uasghráduithe ar Thimpeallán Bhóthar an Inbhir, ar dá mbarr a bheidh sé ina acomhal ceithre phointe níos sábháilte.

Áireofar leis an mbóthar uasghrádaithe:


- Trasrianta coisithe níos sábháilte
- Lánaí rothar tiomnaithe
- Lánaí bus nua
- Acomhail bóithre níos sábháilte

Chun an t-eolas is deireanaí a fháil ar na tionscadail sin, scan an cód QR nó téigh chuig ár leathanach Gréasáin:

www.fingal.ie/sustainableswords

# Céimeanna Thionscadal Nascachta an R132

| | |
|---|---|
| Céim 1: 6 mhí | Timpeallán Bhóthar an Inbhir |
| Céim 2: 6 mhí | Timpeallán Bhóthar Bhaile na Mara |
| Céim 3: 6 mhí | Timpeallán Bhóthar Mhullach Íde |
| Céim 4: 4 mhí | Cnoc Pheannóg |
| Fad: 12 mhí | Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar Bhaile na Mara |
| An Chéim Dheiridh: 3 mhí | Clabhsúr an Tionscadail |




**Athruithe tráchta le linn na hoibre tógála:**
Fanfaidh an R132 ar oscailt don trácht ó thuaidh agus don trácht ó dheas araon.

**Buaicuaireanta tráchta:**
6.30am-10am agus 4pm-7.30pm.
Beidh dhá lána ar oscailt ó thuaidh agus ó dheas araon feadh an R132 chun an trácht a choinneáil ag gluaiseacht.

**Uaireanta seachbhuaice:**
Laghdófar an trácht go lána amháin i gceachtar treo chun go mbeifear in ann oibreacha bóthair a dhéanamh. Meastar go mairfidh an chéad chéim den obair thart ar 6 mhí. Leanfaidh an chuid eile de Thionscadal Nascachta an R132 ar aghaidh ina céimeanna. Tá an tionscadal ar fad le cur i gcrích faoi mhíonna tosaigh na bliana 2028.

## Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar Bhaile na Mara

I mí Eanáir 2026, cuireadh tús leis an obair ar an Scéim Taistil Ghníomhaigh idir Timpeallán Bhóthar Bhaile na Mara agus Timpeallán Bhóthar an Inbhir.

Déanfar an obair ina céimeanna, a mbeidh srianta tráchta teoranta i bhfeidhm lena linn. Meastar go dtógfaidh sí thart ar 12 mhí.

**Déan teagmháil leis an bhfoireann!**

Má bhíonn aon cheisteanna agat maidir leis na tionscadail sin, féach ár suíomh Gréasáin le haghaidh theag-mhálaithe ábhartha an tionscadail:
**www.fingal.ie/sustainableswords**

# Ríocht Phoiblí Cheathrú Chultúir Shoird

## Athruithe sealadacha ar an trácht ó dheas le linn na hoibre tógála ar an tSráid Thuaidh.




### Eochair na Léarscáile Aimsithe Bealaigh

- Atreoruithe Tráchta
- Ceathrú Chultúir Shoird
- Rochtain Áitiúil
- Stadanna Bus ó Dheas a bheidh Dúnta
- Stadanna Bus a bheidh Sealadach/nach mbeidh aon Tionchar orthu

Tá an obair thógála le tosú i mí Aibreáin ar chuid den tSráid Thuaidh chun feabhas a chur ar an ríocht phoiblí idir Caisleán Shoird agus an tÁras Cultúir, leabharlann agus ionad ealaíon nua atáthar ag tógáil faoi láthair.

Athruithe tráchta le linn na hoibre tógála:

**Trácht ó thuaidh:**
Ní bheidh aon tionchar ann ar fheithiclí a bheidh ag taisteal ó thuaidh le linn na hoibre tógála.

**Trácht ó dheas:**
Beidh feithiclí in ann taisteal ó dheas síos an tSráid Thuaidh chun rochtain a fháil ar shráideanna áitiúla, ar thithe áitiúla agus ar ghnólachtaí áitiúla, ach cuirfear cosc orthu leanúint ar aghaidh go dtí an Phríomhshráid mar gheall ar oibreacha bóthair.

Beidh feithiclí a bheidh ag taisteal ó dheas go Príomhshráid Shoird in ann dul:

- Trí Bhóthar Bhaile Anraí agus Lána an Uisce
- Tríd an R132, ag casadh amach ag Bóthar Bhaile na Mara agus ag leanúint Chéide Cholm Cille go Lána an tSéipéil.

Fad a bheidh an obair thógála ar siúl, ní bheidh na stadanna bus ó dheas ar an tSráid Thuaidh in úsáid. Taistealóidh busanna ó dheas feadh an R125. Cuirfear stad bus sealadach ar bun ar an R125, díreach roimh acomhal Bhóthar Bhaile Anraí. Fanfaidh stadanna bus ar Phríomhshráid Shoird in úsáid, agus ní bheidh aon tionchar ann ar bhusanna a bheidh ag dul ó thuaidh.

**Tá na hoibreacha ar an tSráid Thuaidh le críochnú roimh dheireadh na bliana 2026.**